Derry City & Strabane
District Council

Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin

Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 5ú Eagrán

BEALTAINE 2024



www.derrystrabane.com

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar an ceiliúradh iontach a rinneadh i rith Sheachtain na Gaeilge 2024 agus amharcfaidh muid ar na himeachtaí Gaeilge atá beartaithe do na míonna beaga amach anseo.

Roinnfidh muid eolas ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith. Bainigí sult!

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

www.**derrystrabane**.com








# Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

**Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.**

Is féidir ár seirbhísí Gaeilge ar fad a fheiceáil ar an fhíseán ar www.derrystrabane.com/gaeilge chomh maith.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com

Is féidir tegamháil a dhéanamh linn ar an fhoirm teagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: https://www.derrystrabane.com/gaeilge

Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.




# Seachtain na Gaeilge 2024


**Is féile idirnáisiúnta í Seachtain na Gaeilge a dhéanann ceiliúradh ar an Ghaeilge agus tá sí aitheanta fud fad an domhain. Bhí lúcháir ar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin clár lán imeachtaí éagsúla a chur ar fáil arís i mbliana do phobal na Gaeilge agus foireann na Comhairle. Chuir an Méara Patricia Logue fáilte roimh Erin Hamilton (Oifigeach Gaeilge) agus Pól Ó Frighil (Oifigeach Beartais) go Parlús an Mhéara ar an 28ú Feabhra leis an clár a sheoladh.**





## Léargas ar Logainmneacha

Le linn Seachtain na Gaeilge, rinne muid ceiliúradh ar shaibhreas ár logainmneacha le postáil gach lá ar na meáin shóisialta le cuid de na logainmneacha is suimiúla inár gceantar Comhairle. Ina measc siúd, bhí logainmneacha cosúil le Glaise Uí Cholgáin, Láthair an Leasa agus Comar.




**Is féidir na postálacha seo ar fad a fheiceáil go fóill ar ár leathanach
Facebook https://www.facebook.com/foramphobalnagaeilge
nó ar ár leathanach
X (Twitter) https://www.twitter.com/foramphobal
Tuilleadh eolais ar fáil ar:
gaeilge@derrystrabane.com**

## Imram: Léamha, Dánta agus Plé le Róise Ní Bhaoill




Bhí muid thar a bheith sásta fáilte a chur roimh Róise Ní Bhaoill go Halla na Cathrach ar an 5ú Márta le himeacht iontach a chur i láthair don phobail. Thug Róise léargas iontach don lucht éisteachta ar a saol agus léigh sí cuid de na gearrscéalta óna leabhar Imram agus Gearrscéalta Eile; a bhain gradam Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana 2023 amach.

# Lúcháir Leabhar: Lá Domhanda na Leabhar 2024



**Tuigeann muid cé chomh tábhachtach is atá an léitheoireacht ó aois óg do pháistí lena scileanna litearthachta a fhorbairt agus lena samhlaíochtaí óga a spreagadh.**

Mar sin de, le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda na Leabhar, bhí lúcháir an domhain orainn fáilte a chur roimh daltaí ó na Gaelscoileanna áitiúla go Parlús an Mhéara ar an 7ú Márta agus bhronn an Méara, Patricia Logue beart leabhar Gaeilge ar gach scoil. Bhí deis ag na daltaí labhairt leis an Mhéara faoi saol na scoile agus saol na Gaeilge chomh maith. Bhí lá iontach againn ar fad!




# Ciorcal Comhrá d'Fhostaithe na Comhairle

Tá an Chomhairle tiomanta i dtreo foghlaim na Gaeilge a spreagadh i measc an fhoireann agus mar chuid den cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge 2024 agus Lá na gCiorcal 2024, bhailigh fostaithe na Comhairle atá ag foghlaim Gaeilge le chéile ar an 13ú Márta le caint, craic agus comhrá a bheith acu. Deis iontach a bhí ann le suí agus ár gcuid Gaeilge a úsáid lena chéile agus cúpla frásaí úra a fhoghlaim chomh maith.

# Scrúdú Cúpla Focal an Méara




**Thosaigh an Méara, Patricia Logue ag foghlaim Gaeilge i mí Nollaig 2023 agus shocraigh sí dúshlán a thabhairt di féin an gradam Cúpla Focal a bhaint amach i rith Sheachtain na Gaeilge 2024.**

Rinne an Méara a measúnú ar an 13ú Márta agus bhain sí an gradam amach gan aon stró. Comhghairdeas ó chroí leat a Mhéara. Nach iontach an t-éacht é seo i rith Sheachtain na Gaeilge!

# Fáinne Airgid

**Cuireann an tOifigeach Gaeilge ranganna Gaeilge ar fáil gach seachtain do na fostaithe sa Chomhairle agus mar chuid den chlár do Sheachtain na Gaeilge 2024, bhain 5 fostaithe an gradam Fáinne Airgid amach ar an 14ú Márta.**

Tá comhghairdeas ó chroí tuillte ag gach uile duine acu agus cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin fáilte roimh an phobal Gaeilge a úsáid agus iad ag déanamh a ngnó leis an Chomhairle.



# Mo Cheol Thú le Brí Carr

Bhí ceol binn na Gaeilge le cluinstin i Halla na Cathrach ar an 15ú Márta nuair a ghlac an t-amhránaí Brí Carr agus a cairde iontacha an ardán sa Phríomh Halla le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge 2024. Cuireadh oíche lán ceoil, craic agus comhrá i láthair don lucht éisteachta ag na taibheoirí ar fad a bhí ar an ardán.






# Cuairt ar Choláiste Mhuire

**Ba mhór an onóir é don Oifigeach Gaeilge cuairt a thabhairt ar Choláiste Mhuire i nDoire i rith Sheachtain na Gaeilge le labhairt leis na daltaí faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh i saol na Gaeilge.**

Bhí imeacht den chéad scoth curtha le chéile ag an mhúinteoir Gaeilge; Caitríona Uí Dhoibhlin le réimse leathan cainteoirí ó eagraíochtaí éagsúla in earnáil na Gaeilge i láthair ar an lá le labhairt leis na daltaí.

# Garchabhair do Ghaelscoileanna

## Tionscadail agus Ceardlanna do na Gaelscoileanna Áitiúla

**Tugann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla le ceardlanna dátheangacha nó lán-Ghaeilge a chur ar fáil (ar bhonn iarratais) sna Gaelscoileanna áitiúla.**

Is seirbhís ar leith é seo gur féidir leis an Oifigeach Gaeilge a chur ar fáil do na Gaelscoileanna sa cheantar Chomhairle. Mar chuid den obair seo, thug an tOifigeach Gaeilge cuairt ar Ghaelscoil na Daróige i mí Aibreán in éineacht leis an ionadaí ón Red Cross le cúrsa Garchabhair dátheangach a chur ar fáil do na daltaí i Rang 6/7. D'fhoghlaim na daltaí a lán scileanna úra agus stór focail úr chomh maith agus bhain siad ar fad an-sult as an cheardlann.

Le húsáid a bhaint as an seirbhís seo, de ghnáth déanann eagraíocht teagmháil leis an scoil le ceardlann a ofráil i mBéarla, is féidir leis an scoil nó leis na eagraíocht féin iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle le tacaíocht teanga a fháil chun ceardlann dhátheangach a chur i láthair, éascaithe ag an Oifigeach Gaeilge.

Cé go ndéanfaidh muid iarracht freastal ar gach iarratas, ní mór don scoil nó don eagraíocht teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar dtús, ionas gur féidir na féidearthachtaí a phlé. Is deis iontach iad na tionscadail seo a thugann léargas iontach do na daltaí ar na deiseanna agus na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil fud fad saol na Gaeilge.

**Tuilleadh eolais:**
**gaeilge@derrystrabane.com**

# Fóram

## Phobal na Gaeilge

**Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.**

**Tharla cruinniú deireanach de chuid an an Fhóraim ar an Chéadaoin 14ú Feabhra 2024 i Halla na Cathrach i nDoire. Bhí cruinniú thar a bheith fiúntach againn agus beidh an chéad cruinniú eile ag tarlú go luath sa Samhradh.**

**Más mian leat féin bheith páirteach sna cruinnithe seo nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579**

## Deiseanna Maoinithe

Is le caipiteal ó Iontaobhas Ultach a bunaíodh an Ciste Ultach. Tá sé ann le tacú le pobail ar fud Thuaisceart Éireann ar mian leo an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn trí obair carthanas cláraithe, grúpaí deonacha agus grúpaí pobail. Tá An Ciste ULTACH oscailte faoi láthair agus tá deontais ar fáil suas le £5000 do thionscadail a chuireann chun cinn agus a spreagann úsáid na Gaeilge ag leibhéal pobail. Is é an 7ú Bealtaine 2024 ar 1pm an sprioc d'iarratais.
Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an nasc seo a leanas:

**https://communityfoundationni.org/achieving-impact/available-grants/#:~:text=The%20Ultach%20Fund%20was%20established,charities%2C%20voluntary%20and%20community%20groups**



## I mBéal an Phobail

**Más mian leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge T: 028 71 376 579.**

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 5ú Eagrán

BEALTAINE 2024

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrìck Cooncil

Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.

Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:
guthán: 028 71 253253
nó
ríomhphost: equality@derrystrabane.com

www.derrystrabane.com